Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0163 (COD)**

**10056/1/25**
**REV 1 ADD 1**

**TRANS 234**
**MAR 94**
**CODEC 773**
***PARLNAT***

**RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002<br>- Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>- Arna ghlacadh ag an gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2025 |

## I. RÉAMHRÁ

1. Chuir an Coimisiún an togra reachtach sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an 1 Meitheamh 2023 mar chuid den Phacáiste maidir leis an tSábháilteacht Mhuirí[1].

2. Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir le *cur chuige ginearálta* an 18 Meitheamh 2024[2].

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 12 Márta 2024. Ceapadh Sérgio Humberto (PPE, an Phortaingéil) mar rapóirtéir le haghaidh an 10ú téarma den Pharlaimint.

4. Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht leis an gcéad chruinniú tríthaobhach an 19 Samhain 2024, agus bhí an dara cruinniú tríthaobhach ann ina dhiaidh sin an 20 Bealtaine 2025. Le linn an dara cruinniú tríthaobhach an 20 Bealtaine 2025, tháinig na hidirbheartaithe ar chomhaontú polaitiúil.

5. An 4 Meitheamh 2025, rinne Coreper anailís ar an téacs comhréitigh deiridh d'fhonn teacht ar chomhaontú agus dhearbhaigh sé é.

6. An 24 Meitheamh 2025, chuir Cathaoirleach Choiste TRAN litir chuig Cathaoirleach Coreper ina ndearbhaítear, dá bhformheasfadh an Chomhairle an téacs comhaontaithe ar an gcéad léamh, tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh air, go bhformheasfadh an Pharlaimint an seasamh ón gComhairle ar an dara léamh.

## II. CUSPÓIR

7. Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an athbhreithnithe:

   a. na cúraimí agus na cuspóirí atá ag an nGníomhaireacht faoi láthair a dhaingniú agus a léiriú ar bhealach níos fearr chun go mbeidh sainordú dlíthiúil aici iad sin a chomhlíonadh agus tacú leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún leis an gcúnamh teicniúil, oibríochtúil agus eolaíoch is gá chun sábháilteacht agus slándáil mhuirí a áirithiú, agus chun tacú leis an aistriú glas agus digiteach san earnáil sin;

   b. a áirithiú go mbeidh sainordú EMSA slán i bhfad na haimsire trína dhóthain solúbthachta a cheadú chun cúraimí nua a ionchorprú lena dtugtar aghaidh ar riachtanais athraitheacha na hearnála muirí; agus

   c. a áirithiú go mbeidh acmhainní oiriúnacha daonna agus airgeadais ag an nGníomhaireacht chun a ról a chomhlíonadh.

[1] 10160/23.
[2] 10828/24.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE AR AN GCÉAD LÉAMH

### 1. Comhthéacs an nós imeachta

8. Ar bhonn an togra ón gCoimisiún, chuaigh an Pharlaimint agus an Chomhairle i mbun caibidlíochta agus é mar aidhm acu teacht ar chomhaontú maidir leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, agus d'éirigh leo teacht ar chomhaontú go luath ar an dara léamh. Is léiriú iomlán é téacs an dréachtseasaimh ón gComhairle ar an gcomhréiteach ar thángthas air idir an dá chomhreachtóir.

### 2. Achoimre ar na príomh-shaincheisteanna

9. Is é seo a leanas an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh maidir leis na gnéithe éagsúla athchóirithe, tar éis do na comhreachtóirí teacht ar chomhaontú:

10. A mhéid a bhaineann leis an gcuid 'teicniúil' den rialachán (Airteagail 1 go 13), is iad príomhchuspóirí na Comhairle a áirithiú go ndíreoidh an Ghníomhaireacht ar thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit agus don Choimisiún chun reachtaíocht an Aontais *atá ann cheana* a chur chun feidhme go cuí, chun dúbláil iarrachta a sheachaint agus chun a áirithiú go mbainfidh an Ghníomhaireacht úsáid éifeachtúil as a cuid acmhainní. Den chuid is mó, is é is cuspóir do na leasuithe a rinneadh ar an togra ón gCoimisiún an téacs a shimpliú agus níos lú mionsonraí a bheith ann, agus ar an gcaoi sin, cuirfear solúbthacht ar fáil agus a áiritheofar sainordú a sheasfaidh an aimsir.

11. Den chuid is mó, chloígh an Chomhairle leis an seasamh uaithi sa *chur chuige ginearálta* maidir leis na cúraimí atá beartaithe a bhaineann le longa uathrialacha dromchla muirí agus astaíochtaí NOx, toisc go bhfuil na gnéithe sin lasmuigh d'inniúlacht an Aontais (Airteagail 4 agus 5, faoi seach). Ghlac an Chomhairle le roinnt pointí breise ón bParlaimint i ndáil le breoslaí malartacha a úsáidtear sa mhuiriompar, laistigh de theorainneacha reachtaíocht an Aontais maidir leis an ábhar sin (Rialachán FuelEU Maritime[3]) (Airteagail 4 agus 6). Ag an am céanna, tá na cúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an Coinbhinsiúin Oibreachais Mhuirí[4] teoranta anois do ghnéithe atá san áireamh cheana féin sa Treoir maidir le rialú arna dhéanamh ag stát an Chalafoirt[5] (Airteagal 4).

---

3 Rialachán (AE) 2023/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE.

4 An Coinbhinsiún Oibreachais Mhuirí, 2006, mar a leasaíodh é.

5 Treoir (AE) 2024/3099 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena leasaítear Treoir 2009/16/CE maidir le rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt.

12. Chloígh an Chomhairle leis an seasamh uaithi sa chur chuige ginearálta agus thug sí trí chúram nua don Ghníomhaireacht: go háirithe, féadfaidh EMSA tacaíocht a thabhairt anois don Choimisiún, d'údaráis náisiúnta agus do chomhlachtaí ábhartha an Aontais agus bearta sriantacha an Aontais á gcur chun feidhme acu (i.e. smachtbhannaí, go háirithe sonraí maidir le gluaiseachtaí long a thagann faoin gcóras smachtbhannaí) (Airteagal 8). Ag an am céanna, déanfaidh sí measúnú riosca a ullmhú agus a thabhairt cothrom le dáta ar imchuacha farraige uile na hEorpa, agus is mar bhonn lena gcinnfear an áit a lonnófar soithí na Gníomhaireachta chun freagairt ar thruailliú ola agus ceimiceach chun tacú leis na Ballstáit agus iad i mbun gníomhaíochtaí mar fhreagairt ar thruailliú an chomhshaoil mhuirí (Airteagal 5), agus chuige sin amháin, a bheidh an measúnú sin. Ar deireadh, d'fhéadfadh an Ghníomhaireacht cigireachtaí ar an suíomh a dhéanamh thar ceann an Choimisiúin freisin i gcomhréir le Rialachán (AE) 1257/2013 maidir le haonaid athchúrsála i dtríú tíortha, má chinneann an Coimisiún an cúram sin a tharmligean chuig an nGníomhaireacht (Airteagal 5).

13. A mhéid a bhaineann le ceann de na cúraimí, eadhon cuairteanna na Gníomhaireachta ar na Ballstáit agus cigireachtaí (Airteagal 10), bhog an Chomhairle i dtreo an tseasaimh ón bParlaimint agus ón gCoimisiún agus chomhaontaigh sí go ndéanfadh sí athbhreithniú ar an seasamh uaithi maidir lena *cur chuige ginearálta* liosta iata de ghníomhartha dlí a bhunú ar dá réir a d'fhéadfadh na cuairteanna agus na cigireachtaí sin a dhéanamh. Ghlac an Chomhairle leis go ndíreoidh cuairteanna EMSA ar na Ballstáit ar chur chun feidhme dhlí ábhartha an Aontais i ndáil leis an tsábháilteacht mhuirí agus le cosc ar thruailliú, faoi réir an choinníll go dtarmligfidh an Coimisiún an cúram sin chuig an nGníomhaireacht.

14. Ar deireadh, a mhéid a bhaineann le cúraimí na Gníomhaireachta maidir le caidreamh idirnáisiúnta (Airteagal 11), chomhaontaigh an Chomhairle go dtabharfadh sí an rogha don Stiúrthóir Feidhmiúcháin baill foirne a lonnú i dtoscaireacht an Aontais chuig an Ríocht Aontaithe, le toiliú roimh ré ón gCoimisiún agus ón mBord Bainistíochta, chun tacú leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún Eorpach i ngníomhaíochtaí a bhaineann lena rannpháirtíocht san obair a dhéanann an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta.

15. Sa chuid den téacs a bhaineann le 'rialachas' (Airteagail 14 go 45), tá sé mar aidhm ag an gComhairle a áirithiú go gcaomhnófar an chothromaíocht institiúideach idir na Ballstáit agus an Coimisiún i rialachas na Gníomhaireachta.

16. Rinneadh mionscrúdú ar roinnt saincheisteanna i gcomhar leis an bParlaimint agus leis an gCoimisiún: an breisluach a bhaineann le bord feidhmiúcháin nua a chruthú, ualach coibhneasta an Choimisiúin ar an mbord bainistíochta (líon ionadaithe ón gCoimisiún), rialacha vótála an bhoird bainistíochta, 'cros' an Choimisiúin maidir le cinntí féideartha arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht a d'fhéadfadh a bheith ag teacht salach ar Rialachán Réime Airgeadais nó ar na Rialacháin Foirne, agus an fhéidearthacht go n-údarófaí don Ghníomhaireacht lárionaid réigiúnacha a chur ar bun.

17. Cloíonn an Chomhairle leis an seasamh uaithi sa *chur chuige ginearálta* maidir leis na forálacha a bhaineann leis an mBord Feidhmiúcháin agus na rialacha vótála don Bhord Bainistíochta a scriosadh (Airteagal 16). Mar sin féin, d'aontaigh an Chomhairle leis an bParlaimint go ndéanfadh siad athbhreithniú ar an tromlach is gá chun an stiúrthóir feidhmiúcháin a cheapadh - is féidir leis an mBord Bainistíochta an stiúrthóir a cheapadh anois le tromlach dhá thrian, seachas tromlach ceithre chúigiú mar a bhí sa *chur chuige ginearálta*. Ina theannta sin, thug an Chomhairle sásra isteach lena gceadaítear d'aon trian de chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta a bhfuil vóta acu a mholadh go gcuirfí an stiúrthóir feidhmiúcháin as oifig; go dtí seo, ba é an Coimisiún amháin a d'fhéadfadh an moladh sin a dhéanamh (Airteagal 21).

18. Ag an am céanna, chun an chothromaíocht institiúideach i rialachas na Gníomhaireachta a chaomhnú, bhog an Chomhairle i dtreo an tseasaimh ón bParlaimint agus ón gCoimisiún agus chomhaontaigh sí go leanfadh ceathrar ionadaithe ón gCoimisiún de bheith ar bhord bainistíochta na Gníomhaireachta, mar a sheasann cúrsaí faoi Rialachán EMSA atá ann cheana. Ag an am céanna, chomhaontaigh an Pharlaimint nach gá a breathnóirí féin a ainmniú ar an mbord bainistíochta.

19. Chomhaontaigh an Chomhairle, sa *chur chuige ginearálta* uaithi, agus an Pharlaimint, ina *céad léamh*, 'cros' an Choimisiúin maidir le cinntí féideartha arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht a d'fhéadfadh a bheith ag teacht salach ar Rialachán Réime Airgeadais nó ar na Rialacháin Foirne a scriosadh. Tar éis plé cuimsitheach leis an gCoimisiún, chomhaontaigh an Chomhairle agus an Pharlaimint 'nós imeachta athscrúdúcháin' a chur in ionad chros an Choimisiúin, rud a chuirfeadh ar chumas an Choimisiúin na hábhair imní atá aige a chur in iúl má mheasann sé go bhféadfadh cinntí áirithe maidir le hábhair a bhaineann leis an Rialachán Réime Airgeadais agus leis na Rialacháin Foirne an Ghníomhaireacht (agus buiséad an Aontais) a fhágáil gan chosaint ar rioscaí tromchúiseacha dlíthiúla. (Airteagal 20) Leis sin, beidh an bord bainistíochta in ann athmhachnamh a dhéanamh ar an gceist, le nós imeachta atá cosúil leis an nós imeachta a úsáideadh chun an doiciméad clársceidealaithe aonair a ghlacadh: má tá an Coimisiún fós ag cur i gcoinne cinnidh ar an dara léamh, ní féidir é a ghlacadh ach d'aon toil idir ionadaithe na mBallstát.

20. Ar deireadh, ghlac an Chomhairle leis na hargóintí ón bParlaimint agus ón gCoimisiún maidir leis an nGníomhaireacht a bheith údaraithe chun lárionaid réigiúnacha a chur ar bun, ós rud é go bhfuil an rogha sin ann cheana féin sa Rialachán EMSA atá ann faoi láthair (Airteagal 31). Cé go bhféadfadh impleachtaí suntasacha airgeadais a bheith ag baint le cruthú na lárionad réigiúnach sin, d'aontaigh an Chomhairle gur leor na coimircí a mhol an Coimisiún chun buiséad na Gníomhaireachta a chosaint, ós rud é nach ndéanfadh an bord bainistíochta aon chinneadh ina leith sin ach amháin arna iarraidh sin don Choimisiún, agus 'an aird chuí á tabhairt ar impleachtaí buiséadacha'.

## IV. CONCLÚID

21. Tacaítear le haidhm an togra ón gCoimisiún sa seasamh ón gComhairle agus léirítear go hiomlán an comhréiteach ar thángthas air sa chaibidlíocht neamhfhoirmiúil idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, agus tacaíocht á fáil ón gCoimisiún.

22. Creideann an Chomhairle, dá bhrí sin, gur léiriú cothrom é a seasamh ar an gcéad léamh ar thoradh na caibidlíochta agus, a luaithe a ghlacfar é, go n-áiritheofar leis an 'Rialachán EMSA' nua go mbeidh sainordú dlíthiúil ag an nGníomhaireacht chun tacú leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún leis an gcúnamh teicniúil, oibríochtúil agus eolaíoch is gá chun sábháilteacht agus slándáil mhuirí a áirithiú, agus chun tacú le haistriú glas agus aistriú digiteach na hearnála.